ar mo chumas athrach éadaigh a cheannach. Culaith sean-dála a b'eadh é, níl feidhm a rádh, agus ba dhóigh leat gur chuir a cheannach san cor im chinneamhaint. Tuairm's tús an chéid chogaidh, ó tharla go raibh eólas agam ar chúram is ar chúrsai toighthe, d'éirigh liom post a fhagháil mar bhailightheóir cíos. Bhí seómra beag i mbun tighe de's na tighthibh ag gabháil leis an bpost.

Dar liom, tá liom; beidh fothain agam ón aimsir agus tuarasdol atá reásúnta ag teacht chugam gach seachtmhain. Thug mé togha aire do'm ghnó agus dheineas mo dhithcheall sásamh a thabairt do'n bhfear ar leis na h-árais. D'éirigh muid béirt mór le chéile le h-imtheacht aimsire. Is minic a thairg sé deoch dom nó cuireadh chun buird nuair a bhuailinn leis uair sa mhí le mo chunntaisi a chur fena bhrághaid. Tráthnoná amhain í ndiaidh dinnéir agus gloine uisge beatha i laimt gach duine againn, d'fiafruigh sé díom ar mhaith liom roint sgaranna a cheannach i gcomhlucht ina raibh roint dá chuid airgid fhéin. D'freagair mé nach raibh aon eólas agam ar cúrsaí dé'n chíneál sin ná mórán le spáráil agam. 'Na dhiaidh sin, ó tharla go raibh meas agam air agus muinighin 'na bhreitheamhnas, d'féadfainn cúpla céad dollaer a leagadh amach ar na sgarannaí seo dá mba thoil leis a chomhairle a thabhairt dom. D'aontuigh sé sin a dheánamh; go fúí gur cheannuigh sé féin na sgarannaí dom. Leastuigh de trí mhí bfiú a dhá oiread na sgarannaí úd agus ba shaidhbhre-de me de chupla cead dollaer. O am go h-am thugadh se lideadh dom faoi sgarannaí eile ar bfiú iad a cheannach agus dheánfainn rúd ar a chomhairle agus ar a charthannacht. Caithfidh go raibh eólas thar bárr aige ar staid an mhargaidh, oír ní cuimhin liom gur theip oiread is uair amhain ar na sgarannaí a mhol sé. Cheannuigh agus dhíol sé mo chuid sgarannaí go riaghalta ar Margadh na Stoc i Nua Eabhrach, an ceann is mó sa domhain, agus ghnóthuigh sé dom i gcomhnuidhe. Diaidh ar ndiaidh chruinnuigh mé féin eólas ar an gnó go léir, ar chaoi go rabhas i ndon an díoluidheacht agus an ceannach a dheánamh ar mo chonnlán fhéin. Mar chomhartha buidheachais dó'm shean-mháighistir choinnigh mé an post mar bhailuightheóir cíos acht d'fostuigh mé fear óg a raibh céim ollsgoile aige leis an obair a dheanamh agus chaitheas féin bunadhas mo chuid ama a' pléidhe le cúrsaí airgeadais eadarnáisiúnta ar Wall Street na cathrach.

Lean an t-ádh liom agus mheáduigh mo mhaoin, ionnós go rabhas fé dheire a deich oiread nios fearr as ná bhios i San Francisco tráth. Bhí mo chuid airgid ag saothrú dom sna míneaca copair i Rhodesia, sna míneaca soíde i Chile, i reamhrú na mbeithideach ar machairí Americá Thuaidh, san charraig-ola in Iran agus in iliomad tionnsgal agus tíortha eile ar fuaid an domhain. Bhí meas orm sna comhluchtí ba mhó le rádh i Nua Eabhrach, teach mór agam ar Fifth Avenue, agus failte romham i gclubannaí mor-chuiseacha na cathrach. H-iarradh agus glacadh mo chomhairle is mo chuidiu nuair bhítheas le h-airgead a bhailiú d'aíseannai puiblidhe; ospidéil do leanbhaí, nó pairc imtheartha d'aos óg na cathrach, no droichead eile le h-oileán Mhanhattan a cheangailt do'n mhor-thír. Chaith mé mo chuid ama agus mo chuid airgid go flúirseach leis na sgéimeannaí sin go léir acht ar chuma éigin nior tháinig laghdú ar bith ar an méid a bhí fágtha agam. Chruinnuigh isteach im chiste ón domhan clár chómh riaghalta raidhseamhail leis an dtaoide; nior thuisge mannt bainte as ná líonadh laíthreach arist é. Má bhí tús mo shaoil i Nua Eabhrach ocrach deileóir, ni fheádfainn a shamhlú acht go mbeadh sé faoi ráth is faoi urraim as sin amach. Acht bhi breall orm. Breall na mbreall. Sa bhliadhain 1929 theip go tubaisteach ar Margadh an Airgid agus i n-imtheacht coighcise niorbh fhiu bluirini paipeir a raibh de sgarannai agam ar fuaid ne cruinne. Go fiu an t-airgead reidh a bhi agam sa bhanc mheath agus leagh a luach mar a leaghfadh ceo maidne. Bhi me taobh le bochtanas agus amhgar arist maille leis na milte, na milliuin eile ar fuaid na tire. Le mo theach ar Fifth Avenue agus a raibh ann a dhiol bhi cead is caoga dollaer fagtha agam nuair a bhi mo chuid fiacha glanta. Leis an suim suarach sin agus an smaoineamh greanta im chroidhe agus im aigne nach raibh an t-adh i ndon dom san tir sin, d'fag me Nua Eabhrach im dhiaidh agus sheol me go Lunndain.